
# CUAILLE

NOLLAIG 2022

# Clár


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht Uachtarán CLG, Labhrás Mac Carthaigh | 3 |
| Ó Sé ag súil le craobhchomórtas oscailte i 2023 | 4 |
| Na Contaetha - Craobhacha Peile | 7 |
| Luimneach agus Ciarraí in uachtar – súil siar ar bhliain ghnóthach stairiúil 2022 | 8 |
| 8 Curadh Uile-Éireann nua tar éis Bhabhtaí Ceannais Scór Sinsir 2022 | 12 |
| Ár gCluichí , Ár Laochra - Paul Conroy | 13 |
| Do Chlub, Do Chontae - CLG Chill Uird | 15 |
| 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! | 17 |
| Cuardach Focal | 18 |
| 55 Bonn FSMD bronnta ar chlubanna CLG | 20 |
| Neart buaicphointí peile agus iomána i 2022 agus go leor eile amach romhainn i 2023 | 21 |
| Club Gaeilge na Bliana 2022 – Laochra Loch Lao, Aontroim | 23 |
| Crosfhocal | 25 |
| Buaic-Ghradam Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge bronnta ar Mhártan Ó Ciardha | 27 |
| Freagraí | 30 |



# Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh chuig eagrán mhí na Nollag de Chuaille, iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. San eagrán is deireanaí seo, tá na míreanna rialta 'Ár gCluichí, Ár Laochra', 'Do Chlub, Do Chontae' chomh maith leis an gcrosfhocal agus na puzail éagsúla a bhíonn ann go rialta.

Tugtar aitheantas ann, freisin, do na héachtaí a rinne ár laochra iomána agus peile ar an bpáirc imeartha le bliain anuas agus dóibh siúd a bhain éachtaí amach dá gcuid clubanna ag Scór agus mar chuid den scéim, Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha.

Bhí an-bhliain againn le linn 2022 agus déanaim comhghairdeas leis na foirne go léir a rinne éachtaí ar an bpáirc imeartha. Cúis mhór áthais dom ach go háirithe gur éirigh chomh maith sin le céad Chraobhchomórtas Chorn Tailteann agus tá súil agam go rachaidh an comórtas seo ó neart go neart sna blianta amach romhainn.

Cuimheoidh daoine ar 2022 chomh maith de bharr an bhéim a leagadh ar an séasúr club. D'éirigh go hiontach le craobhchomórtais na gclubanna agus bhí sé iontach na sluaite a fheiceáil ag freastal ar chluichí ó cheann ceann na tíre agus ar fud na cruinne.

Bíodh Nollaig shona faoi shéan is faoi mhaise agus bliain nua mhaith ag ár lucht leanta, ag ár gcuid ball agus ag gach duine atá bainteach lenár gCumann agus lenár gcluichí.

Bainigí taitneamh as Cuaille na Nollag. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois.

Beirigí bua agus beannacht,

*Labhrás Mac Cárthaigh,*
*Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael*



*Le Jamie Ó Tuama*

# Ó Sé ag súil le craobhchomórtas oscailte i 2023




*Marc Ó Sé ag seoladh GAAGO 2023 i bPáirc an Chrócaigh*

Fógraíodh Déardaoin, 15 Nollaig 2022, ag seoladh i bPáirc an Chrócaigh go raibh GAAGO réidh le leathnú amach in Éirinn tar éis dóibh ocht mbliana a chaitheamh ag déanamh freastail ar mhuintir na hÉireannn thar lear trí na cluichí Gaelacha a chraoladh. Craolfar 38 cluiche ar fad ar GAAGO i mbliana agus €59 an costas a bheidh ar an bpacáiste má cheannaítear roimh Nollaig é. Is í an láithreoir aitheanta, Gráinne McElwain, a bheidh mar láithreoir ar an gclúdach nua seo.

Ina measc siúd a bhí i láthair ag an seoladh, bhí Marc Ó Sé. Beidh Ó Sé i mbun cúrsaí anailíse ar an gclár i measc go leor eile – Paddy Andrews, Eoin Cadigan, Michael Murphy agus Séamus Hickey san áireamh. Labhair GAA.ie le Marc faoin stáisiún nua seo agus faoi chraobh peile 2023.

D'iarr muid ar Mharc an raibh sé ag súil le bheith ag obair le GAAGO.

'Tá mé ag súil go mór leis agus tá sé ana-dheas a bheith ag an seoladh,' a deir Marc. 'Rud iontach is ea é do Chumann Lúthchleas Gael go bhfuil, is dócha, a seó féin acu agus go bhfuil siad in ann taifead a dhéanamh ar na cluichí agus iad a bheith ar siúl ar fud an domhain.

'Táim breá sásta a bheith bainteach leo agus ag féachaint ar na cluichí agus ag déanamh cáinte agus anailíse ar na cluichí mar, is dóigh liom, nuair a éiríonn tú as an bpeil is rud deas é a bheith sáite fós sa bpeil agus ag déanamh cáinte ar na cluichí.'

'Tá mé ag tnúth go mór leis an mbliain, ag féachaint ar Chiarraí agus ar na contaetha eile. Gan dabht, bhí bliain iontach aige Ciarraí ach beidh mórán contaetha eile ar thóir Sam Mhig Uidhir sa mbliain amach romhainn. Táim breá sásta a bheith sáite le GAAGo agus táim ag tnúth go mór leis an mbliain amach romhainn.'

Maidir le craobhchomórtas peile 2023 tá Marc den tuairim go mbeidh craobh an-oscailte ann agus é ag ceapadh go mbeidh Áth Cliath, ach go háirithe, láidir. 'Is dóigh liom, an bhliain amach romhainn, beidh sé ana-shuimiúil ar fad', a deir Marc. 'Gan dabht tá Ciarraí tar éis an Corn a bhuachaint i mbliana. Bhíodar ag teacht le cúpla bliain anuas ach mo thuairim féin ná go mbeidh Bleá Cliath an-láidir ar fad. Nuair is féidir le leithéidí Jack McCaffrey agus Paul Mannion a thabhairt thar n-ais, is dóigh liom, beidh siad siúd ag féachaint chun dul an slí ar fad.

'Bhíos ag rá ansan go bhfuil Pádraic Joyce tar éis imreoirí nua a thógaint thar n-ais, imreoirí a bhí ar an bpainéal le cúpla bliain agus, b'fhéidir, bhíodar imithe bliain nó dhó. Tá siad san thar n-ais.

'Beidh an Ghaillimh, beidh siad i bhfad Éireann níos láidre chomh maith. Chomh maith leis sin, tá tú ag féachaint ar leithéidí Ard Mhacha. Tá tú ag féachaint ar Mhaigh Eo. Cad a dhéanfaidh siad leis an mbainistíocht nua? Tá Oisín Mullin imithe.

Cad a dhéanfaidh Lee Keegan? An bhfanfaidh sé nó an éireoidh sé as? Is dóigh liom go bhfuil bliain nó dhó fós ann.

'Ag féachaint air, tá Ciarraí ann. Tá Ard Mhacha, an Ghaillimh agus Doire ann gan dabht. Ach, is dóigh liomsa, an fhoireann a mbeinnse ag féachaint orthu agus tá ana-sheans acu i 2023 ná Bleá Cliath.'

Tá go leor den tuairim go dtabharfaidh bua mór Chiarraí anuraidh muinín do na himreoirí agus iad ar thóir Chraobh Uile-Éireann eile. Aontaíonn Marc lena leithéid.

'Is dóigh liom go dtabharfaidh,' a deir Marc. 'Bhíodar ann i 2019 agus bhí ana-sheans acu an lá sin an cluiche a bhuachaint agus, faraor, níor thit sé amach. Tá siad cúpla bliain níos sine anois agus tá leithéidí David Clifford ag dul in aos. Páidí Clifford, Seánie Ó Shea, na cosantóirí, Tadhg Morley, imreoirí cliste agus is dóigh go bhfuil an mhuinín acu anois go háirithe tar éis dóibh an chraobh a bhuachaint.

'Is dóigh liom go bhfuil an mhuinín acu anois dul ar aghaidh agus cúpla ceann eile a bhuachaint. Deacair a shamhlú an dtarlóidh sé i mbliana nó ná tarlóidh ach, mar a dúras, tá leithéidí Bhleá Cliath agus na foirne eile agus beidh siad ag dul ar thóir Sam Maguire.

'Ana-sheans ag Ciarraí chomh maith. Beidh sé suimiúil cad a tharlóidh le David Moran. An bhfanfaidh sé ann nó an éireoidh sé as? Bheadh sé deas dá bhfanfadh sé ann i gcomhair bliana eile ach beidh sé suimiúil i 2023.



*Marc Ó Sé in éineacht le Michael Murphy, Gráinne McElwain agus Séamus Hickey ag seoladh GAAGO 2023 i bPáirc an Chrócaigh*

Níl aon dabht faoi san.'

Aithnítear go forleathan go bhfuil David Clifford lárnach i ngach rud maith a dhéanann Ciarraí agus a chlub An Fosadh. Réalta mhór peile is ea é agus tá an-mheas ag daoine idir óg agus aosta ar a ghaiscí imeartha. Labhair Marc linn faoin tionchar atá á imirt aige ar an gcluiche faoi láthair.

'Bheul,' arsa Marc, 'nuair a luafais an Fosadh ansan, bhíos mar bhainisteoir le Lios Treighe agus bhuaigh an Fosadh orainn tar éis am breise i gcluiche ceannais an chontae. Chonac an lá san, tá a fhios againn ar fad cé chomh maith is atá sé, ach chonac an lá sin cé chomh maith is atá sé sa slí a bhí sé in ann an Fosadh a thabhairt thar an líne agus é a bhauchaint nach mór é féin. Sin é chomh maith is atá sé. Cad a tharlódh dá dtitfeadh aon rud amach le David Clifford?

'Dá mba rud é go mbeadh gortú ná aon rud eile ag cur as dó bheadh Ciarraí i dtrioblóid mhór. Tá an t-ádh glan linn go bhfuil sé ag imirt le Ciarraí agus bheifeá ag díol an airgid le dul isteach agus féachaint air féin. Tugaimse mo mhac féin go dtí na cluichí chun féachaint ar David Clifford agus is é David Clifford an t-aon duine a mbíonn sé ag caint air agus ag tagairt faoi.

'Tá tionchar mór aige ar bhuachaillí agus ar chailíní óga atá ag fás aníos i gCiarraí agus sa tír ar fad chun an fhírinne a rá. Mar a fheicimid thá daoine ag dul go dtí na cluichí ar fad chun féachaint ar David agus chun, b'fhéidir, síniú a fháil tar éis an chluiche. Tá ardmheas agam ar an bhfear san.'

Crannchur Náisiúnta na gClubanna

# DUAISEANNA

1. Carr nua de chuid Dacia Duster

2. Duais airgid €2,000

3. **Pacáiste Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh don dá dheireadh seachtaine ina n-áirítear dinnéar do bheirt.

4. **Pacáiste Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh don dá dheireadh seachtaine ina n-áirítear dinnéar do bheirt.

5. **Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile nahÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (DéSathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

6. **Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

7. **Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

8. **Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

9. **Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

10. **Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2023**
San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

**Tacaigh le do chlub áitiúil**

## TICÉID
## €10

*Uasmhéid de 2,500 ticéad ag gach club*

*Deis ag do chlub €25,000 a bhailiú*

*Beidh an Cranncháur ar siúl ar 15 Márta 2023*

*Tuilleadh eolais chomh maith le téarmaí agus coinníollacha:*
*www.gaa.ie/nationalclubdraw*

**TICÉID AR FÁIL Ó:**

Crannchur Náisiúnta na gClubanna

DUAISEANNA

DACIA



# Craobhacha Peile



*Cad é an club leis an líon is mó Craobhacha Sinsir Peile i do chontae?*

### LAIGHIN

Áth Cliath – Naomh Uinsionn (29)
An Mhí – Cumann Uí Mhathúna (20)
Cill Dara – Na Sáirséalaigh (25)
Loch Garman – Baile an Chaisleáin-Liam Ó Maoilíosa, Cúil Ghréine (12)
Uíbh Fhailí – Ród (31)
Lú – Gormaithe an Bhaile Nua (23)
Laois – Port Laoise (35)
Cill Chainnigh – Clós na Ráillí (22)
Ceatharlach – Éire Óg (30)
An Iarmhí – Áth Luain (20)
An Longfort – Flipeadóirí an Longfoirt (16)
Cill Mhantáin – Ráth Naoi (34)

### ULAIDH

An Cabhán – Corr na Féinne (20)
Tír Eoghain – An Charraig Mhór (15)
Muineachán – Fág an Bealach, Baile na Lorgan (37)
Ard Mhacha – Raonaithe na Croise (46)
An Dún – Cill Chua (20)
Dún na nGall – Gaoth Dobhair (15) / Naomh Adhamhnáin (15)
Aontroim – Naomh Eoin (24)
Doire – Baile Eachaidh (21)
Fear Manach – Seamróga an Tigh Mhóir (21)

### CONNACHTA

Gaillimh – Réaltaí Thuama (25)
Maigh Eo – Stiofánaigh Bhéal an Átha (36)
Ros Comáin – Clann na nGael (21)
Sligeach – Tobar an Choire (20)
Liatroim – Cumann Sheáin Uí Eislin, Beal an Átha Mhóir (21)

### AN MHUMHAIN

Ciarraí – Na Crócaigh (13) / Aibhistín De Staic (13)
Corcaigh – Raonaithe Nemo (23)
Tiobraid Árann – Fiodh Ard (21)
An Clár – Seamróga Chill Rois (21)
Luimneach – Na Seacadóirí (16)
Port Láirge – Dún Garbhán (19) / An tSráidbhaile (19)

### EILE

Londain – Gaeil Thír Chonaill (18)
Nua-Eabhrac – Ciarraí (28)

*Cúig cinn déag de Chraobhacha Dhún na nGall atá buaite ag peileadóirí Ghaoth Dobhair*





*Le Jamie Ó Tuama*

# Luimneach agus Ciarraí in uachtar – súil siar ar bhliain ghnóthach stairiúil 2022




*Declan Hannon ag ardú Chorn Liam Mhic Cárthaigh tar éis dá fhoireann an ceann is fearr a fháil ar Chill Chainnigh sa chluiche ceannais*

Bliain eile lán le heachtraí suimiúla agus stairiúla a bhí sa bhliain 2022 do Chumann Lúthcheas Gael. Bhí Luimneach agus Ciarraí in uachtar ar an bpáirc imeartha agus Coirn Mhig Uidhir agus Mhic Cárthaigh socraithe síos go maith i gcúige Mumhan faoin tráth seo. Caitear súil siar anseo ar chuid de bhuaicphointí 2022.

D'eirigh le peileadóirí Chiarraí a gcéad Chraobh uile-Éireann a bhuachan ó 2014 i leith nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Ghaillimh sa chluiche ceannais ar scór 0-20 go dtí 0-16 thiar i mí Iúil. Ceann de bhuaicphointí an chluiche ceannais sin, dar ndóigh, ná na taispeántais dhochreidte a thug na sárimreoirí David Clifford do Chiarraí agus Shane Walsh do Ghaillimh. D'aimsigh Walsh 0-09 ar fad do Ghaillimh le ceithre cinn ón imirt agus d'aimsigh Clifford 0-08 do Chiarraí le trí cinn díreach ón imirt chomh maith le péire eile ó mharcanna.
Mairfidh an scór cinniúnach a d'aimsigh Seán O'Shea leis an gcic deireanach sa chluiche leathcheannais in aghaidh Átha Cliath i gcuimhne na ndaoine go ceann i bhfad. An-bhliain go deo a bhí ann do Chiarraí agus d'eirigh leo Sraith Náisiúnta Allianz, Craobh na Mumhan agus Craobh na hÉireann a bhuachan.

Ba iad iománáithe Luimnigh a bhí mar phlúr na n-iománaithe arís eile tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Chill Chainnigh i gCluiche Ceannais na hÉireann agus gan ach oiread na fríde idir na foirne. Chríochnaigh an cluiche ar scór 1-31 go dtí 2-26. Chinntigh an bua sin trí chraobh uile-Éireann i ndiaidh a chéile d'fhoireann John Kiely agus an ceathrú ceann taobh istigh de chúig bliana. Scríobhadh caibidil eile i stair an Chumainn nuair a d'ardaigh Declan Hannon Corn Liam Mhic Cárthaigh dá fhoireann an lá sin.

Bliain stairiúil a bhí ann don pheil, freisin, agus d'eirigh leis an Iarmhí céad Chraobhchomórtas Chorn Tailteann a bhuachan tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar an gCabhán ar scór 2-14 go dtí 1-13 i bPáirc an Chrócaigh sa chluiche ceannais. Bhí ríméad ar chaptaen na hIarmhí, Kevin Maguire, agus ar a fhoireann tar éis dóibh an beart a dhéanamh. Sárchluiche a bhí ann agus is cinnte go ngabhfaidh an comórtas nua seo ó neart go neart sna blianta atá amach romhainn.

Ba iad Aontroim a bhuaigh an cúigiú Craobhchomórtas Chorn Sheosaimh Mhic Dhonncha tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Chiarraí ar scór 5-22 go dtí 4-24 – bua aon chúilín amháin! Tá an-dul chun cinn déanta ag na foirne seo le tamall de bhlianta anuas agus beidh siad ag súil le tuilleadh dul chun cinn sna blianta amach romhainn.

Ba iad iománaithe Chill Dara a thug leo Corn Chríostóir Uí Rinn tar éis dóibh bua compordach a fháil ar a gcéilí comhraic, Maigh Eo, sa chluiche ceannais. Níl aon amhras ach go mbeidh foireann David Herity ag iarraidh cur leis an dul chun cinn atá déanta acu an chéad bhliain eile. Beidh Maigh Eo ag súil le tuilleadh dul chun cinn an chéad bhliain eile, freisin, agus iad ag gabháil ó neart go neart i gcónaí.



Imreoirí Chiarraí ag ceiliúradh tar éis dóibh Cluiche Ceannais Peile na hÉireann a bhuachan i mí Iúil



Captaen na hIarmhí, Kevin Maguire, ag ardú Chorn Tailteann tar éis don Iarmhí an ceann is fearr a fháil ar an gCabhán sa chluiche ceannais

Ba ag Tír Eoghain an lá i gCraobhchomórtas Chorn Nioclàis Mhic Riocaird nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Ros Comáin sa chluiche ceannais i bPáirc an Chrócaigh i mí Bealtaine. Fuair iománaithe an Lú an ceann is fearr ar iománaithe an Longfoirt i gcluiche Ceannais Chraobh Labhraí Uí Mheachair an lá céanna.

Amuigh ón bpáirc imeartha rinneadh ceiliúradh ar lá breithe 175 bliain Mhichil Chíosóg, duine de bhunaitheoirí Chumann Lúthchleas Gael. Ceannródaí a bhí sa Chíosógach agus tugadh aitheantas don ról lárnach a bhí aige i mbunú an Chumainn agus i gcur chun cinn ghníomhaíochtaí uile an Chumainn nuair a leag Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Labhrás Mac Cárthaigh, bláthfhleasc ag uaigh an Chíosógaigh i Reilig Ghlas Naíon ar 20 Meán Fómhair, i gcuimhne air.

I mí Feabhra seo caite eagraíodh Comhdháil Bhliantúil Chumann Lúthchleas Gael i gCruinneachán Aeir CLG Chonnacht, Ollscoil na Gaillimhe – an cruinneachán aeir is mó ar domhan! Ócáid stairiúil a bhí dá bharr. Dar ndóigh, eagraíodh babhtaí ceannais Scór Sinsir 2020 ann cúpla mí roimhe sin, freisin.

Ceapadh peileadóir na Gaillimhe, Paul Conroy, mar Ambasadóir Gaeilge CLG i mí an Mhárta agus bhí an-bhliain aige ar an bpáirc imeartha agus amuigh ón bpáirc imeartha agus é ag spreagadh na Gaeilge i measc bhaill agus lucht leanta an Chumainn.

Bhí séasúr idirchontae níos gaire againn i mbliana, rud a thug seans d'imreoirí móra ár linne seal níos faide a chaitheamh ag imirt lena gclubanna agus lena muintir. Níl aon amhras ach gur éirigh go han-mhaith leis an athrú seo agus bhí na mílte Gael amuigh ag cluichí ar fud na tíre agus, dar ndóigh ar fud na cruinne, ag tacú lena bpobail, lena gcomharsana agus lena gclubanna. Bhí 'an club' ag croílár an Chumainn ó mhí Lúnasa ar aghaidh.

Bliain thar a bheith gnóthach a bhí ann ó thaobh ghníomhaíochtaí an Chumainn de. Bímis ag súil le bliain eile ghnóthach amach romhainn i 2023!

Cumann Lúthchleas Gael – Tá Áit Dúinn Uilig Ann.

# DIARMAID BYRNES

*Iománaí na Bliana 2022*



Ní fhéadfaí bronntanas níos fearr a thabhairt do lucht leanta CLG ná Bliainiris Oifigiúil CLG 2022 seo Pháirc an Chrócaigh. Caitear súil siar sa bhliainiris seo ar phríomh-Chomórtais CLG agus tá cuid de na hailt scríofa ag roinnt de na comhfhreagraithe CLG is fearr dá bhfuil ann, leithéidí Enda McEvoy, Seán Moran agus Christy O'Connor, mar shampla. Tá tagairtí ann, freisin, ó imreoirí a bhuaigh Craobh na hÉireann ón dá chód.

Clúdaítear na ranna éasgúla de chuid Shraitheanna Allianz inti idir sonraí ó na cluichí, clúdaigh de chuid chláracha na gcluichí ceannais agus na himreoirí a d'imir sna cluichí. Luaitear scóranna deiridh, dátaí agus ionaid gach cluiche craoibhe idirchontae a imríodh ag gráid na sinsear, na mionúr, f20, camógaíochtaí agus peile na mban inti, chomh maith le clúdaigh na gcláracha oifigiúla agus na foirne a d'imir sa dá chraobh uile-Éireann. Chomh maith leis sin, is féidir tástáil a dhéanamh ar do chuid saineolais ar an mbliain leis na rannóga ceisteanna agus freagraí.

Bronntanas iontach Nollag í Bliainiris Oifigiúil CLG a thaitneoidh go mór le lucht leanta agus tacaíochta CLG chomh maith leo siúd a bhfuil suim acu i gcúrsaí spóirt, idir óg agus aosta.





Marc Ó Laoire ó CLG Ghníomh Go Leith, Ciarraí, ag casadh sa chomórtas amhránaíochta aonair

# 8 Curadh Uile-Éireann nua tar éis Bhabhtaí Ceannais Scór Sinsir 2022

Bhí Babhtaí Ceannais Scór Sinsir na hÉireann 2022 ar siúl os comhair slua mhóir in Amharclann Ríoga an TF i gCaisleán an Bharraigh ar 12 Samhain 2022. Rinneadh ionadaíocht ar 34 club ar fad agus ar 18 contae ag na babhtaí ceannais seo – deich gclub as Cúige Laighean, naoi gclub as Cúige Uladh, ocht gclub as Cúige Mumhan agus seacht gclub as Cúige Chonnacht. D'éirigh le cúige Mumhan 4 chomórtas a bhuachan, d'éirigh le cúige Uladh trí cinn a bhuachan agus bhuaigh cúige Laighean ceann amháin. Rinn CLG Ghníomh Go Leith as Ciarraí éacht nuair a d'éirigh leo dhá chomórtas a bhuachan.

Caith súil siar ar an aicsean uilig ó bhabhtaí ceannais na bliana seo ag an nasc seo a leanas: https://www.youtube.com/watch?v=ET06RIHFqGs

**NA BUAITEOIRÍ**

***Tráth na gCeist –*** Mónalín, Luimneach

***Rince Foirne –*** An Caisleán Nua, Tiobraid Árann

***Amhránaíocht Aonair –*** Marc Ó Laoire, Gníomh go Leith, Ciarraí

***Aithriseoireacht –*** Donal Ó Muireagáin, Carraig an Chropáin, Ard Mhacha

***Bailéad Ghrúpa –*** An Ghlasdromainn, An Dún

***Nuachleas –*** Eiméid Charn an Bhua, Cill Mhantáin

***Ceol Uirlise –*** An Mullach Bán, Ard Mhacha

***Rince Seit –*** Gníomh go Leith, Ciarraí

Idir an dá linn, socraíodh na dátaí do bhabhtaí ceannais Scór na nÓg 2023. Beidh Babhtaí Ceannais Uladh agus na Mumhan ar siúl ar an Satharn, 15 Aibreán agus beidh Babhtaí Ceannais Chonnacht agus Laighean ar siúl an lá arna mhárach, Dé Domhnaigh, 16 Aibreán. Is ar an Satharn, 6 Bealtaine, a bheidh Babhtaí Ceannais na hÉireann ar siúl san INEC, Cill Airne ar 3.00pm.

Babhtaí Ceannais na Mumhan,
Scór na nÓg 2023, Dé Sathairn, 15 Aibreán, 2023

Babhtaí Ceannais Uladh,
Scór na nÓg 2023, Dé Sathairn, 15 Aibreán, 2023

Babhtaí Ceannais Chonnacht,
Scór na nÓg 2023, Dé Domhnaigh Sunday,
16 Aibreán, 2023

Babhtaí Ceannais Laighean,
Scór na nÓg 2023, Dé Domhnaigh Sunday,
16 Aibreán, 2023

Babhtaí Ceannais na hÉireann,
Scór na nÓg 2023, Dé Sathairn, 6 Bealtaine, 2023

*Le Jamie Ó Tuama*



# Ár gCluichí
# Ár Laochra

## Paul Conroy

**Ceapadh Paul Conroy ina Ambasadóir Gaeilge ar Chumann Lúthchleas Gael níos luaithe sa mbliain. Tá Paul ar dhuine de na himreoirí lár páirce is fearr agus is aitheanta sa tír agus é ag tús cadhnaíochta do pheileadóirí na Gaillimhe le tamall de bhlianta anuas.**

**Ghlac Paul páirt sa tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra' roinnt blianta ó shin. Seo mar a d'fhreagair sé na ceisteanna an t-am sin!**



**'Tá an Ghaeilge an-tábhachtach domsa. Labhraim í gach lá. Tá an Fáinne go hiontach mar is cuma cén caighdeán Gaeilge atá agat tá Fáinne ann do gach leibhéal.'**

**Ainm:**
Pól Ó Conaire

**Aois:** 29

**Club:** C.L.G. Naomh Séamus

**Contae:** Gaillimh

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Pádraig Joyce / Micheal Meehan

**An chéad chuimhne CLG a bhí agat:**
Ag féachaint ar Ghaillimh i 1998

**An chéad uair a d'imir tú le do chontae:**
Faoi 14 i 2003

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**
Pádraig Joyce / Micheal Meehan

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**
Darragh Ó Sé, Ciarraí

**Buaicphointe agus tú ag imirt le do chontae go dtí seo:** Dhá ainmniúchán faighte agam le haghaidh Ghradam All-Star agus d'imir mé le hÉirinn i 'Sraith na Rialacha Idirnáisiúnta' i gcoinne na hAstrála

**Buaicphointe agus tú ag imirt le do chlub go dtí seo:** Nuair a bhuaigh muid Craobh Idirmheánach na Gaillimhe sa mbliain 2010

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?** Oibrigh go crua ar do chuid laigí

**Aon chaitheamh aimsire eile?** Galf




*Paul Conroy ag déanamh ar na cuaillí do Ghaillimh in aghaidh Ros Comáin sa tsraith níos túisce sa bhliain*

***Gluais*** / Glossary

***Sraith*** – ***Is aitheanta*** – most recognisable ***Ag tús cadhnaíochta*** – leading the flight / to the fore ***Ócáid*** - event ***Sraith*** – series ***Ainmniúchán*** – nomination ***Gradam*** – award ***Sraith na Rialacha Idirnáisiúnta*** – International Rules Series ***Laigí*** – Weaknesses

*Le Jamie Ó Tuama*

# Do Chlub, Do Chontae
# CLG Chill Uird

***Bronnadh bonn airgid de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar CLG Chill Uird ag tús mhí na Nollag agus ba é an chéad chlub ó CLG Chorcaí lena leithéid d'éacht a bhaint amach. Seo alt a rinne muid le Joe Ó hEachteirn, Oifigeach Gaeilge agus Cultúir an Chlub níos luaithe sa bhliain.***

***Bunaithe:*** *1928*
***Dathanna:*** *Dearg agus Bán*
***Líon Ball:*** *417*
***Na rudaí is mó atá bainte amach ag an gCumann ar an bpáirc imeartha:***
*Curaidh Shóisearacha Iomána na Mumhan: 2006*
***Curaidh Idirmheánacha Iomána Chorcaí:*** *2012*
***Curaidh Shóisearacha Iomána Chorcaí:*** *1967, 2006*
***Laochra móra an chlub a d'imir le Corcaigh:***
*Johnny Hogan, Dave O'Riordan, Gerry Keating, Fred Sheedy (RIP), Ciarán Casey, Seánie Long, Pat Shanahan, William Hegarty, Johnny Sheehan, Will Twomey, Will O'Donoghue, Damien McNamara, Adrian Mannix, Eoin Carey, Noel McNamara, Kieran Lane, Jeremy Saich agus Elton Pierce.*
***Tada gan iarracht. Do chlub, Do chontae, Do Ghaeilge!***


*Cathaoirleach Ghlór na nGael, Pat Carey, agus Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Conroy, in éineacht le Joe Ó hEachteirn, CLG Chill Uird*

Is go tuaisceart Chontae Chorcaí linn an iarraidh seo agus chuig CLG Chill Uird don chéad eagrán eile den tsraith 'Do Chlub, Do Chontae'. Club beag bródúil tuaithe é CLG Chill Uird atá suite ó thuaidh ó Mhainistir Fhear Maí.

Cé go bhfuil daonra beag sa cheantar, tá os cionn 400 ball ag an gclub agus is iomaí gaisce atá déanta acu ar an bpáirc imeartha thar na blianta. Labhair mé le hOifigeach Gaeilge an chlub, Joe Ó hEachteirn, le gairid le tuilleadh a fhoghlaim faoi CLG Chill Uird. Thosaigh mé le hiarraidh ar Joe cúlra an chlub a thabhairt dom.

''Bhí 417 ball againn i 2021 idir daoine fasta agus club na n-óg,'' a deir Joe. ''Tá sé sin méadaithe le seasca ball ó 2020 agus le linn Covid is rud iontach é seo agus is dul chun cinn iontach é.

''Tá an-chuid daoine iontacha ag obair sa chlub chun gach gné den chlub a fheidhmiú chomh maith agus is féidir ó thaobh riaracháin de, cóitseála, ag teagasc, ag imirt, ag tabhairt aire don chumann agus talamh an Chumainn, ag ní geansaithe agus araile.

''Tá an-chuid daoine iontacha againn agus tá sé seo go léir mar chuid de Chumann Lúthchleas Gael. Tá an club mar chuid de 'fabric' na háite, agus go háirithe i gCill Uird, atá lonnaithe in Oirthear Pháirc Uí Mhórdha, díreach caitheamh cloiche ó lár an tsráidbhaile. Tá ár gclub mar chuid lárnach den phobal.''

Tá muintir Chill Uird sáite agus báite sa chlub agus déanann an club freastal ar an gceantar ar fad. Labhraíonn Joe faoin gcaoi a gcruthaíonn an club spiorad agus cairdeas i measc lucht an cheantair agus faoin gcaoi a maireann an nasc leis an gclub ó ghlún go glún.

''I ráiteas misin Chumann Lúthchleas Gael deirtear go bhfuil an Cumann pobalbhunaithe agus tá sé mar eagraíocht dheonach a chuireann chun cinn cluichí Gaelacha, cultúr agus rannpháirtíocht saoil,'' a mhíníonn Joe.
''Tá Cill Uird ag croílár an phobail seo agus tá an-chuid daoine páirteach sa chlub i ngach gné. Sampla de seo ná nuair atá ag éirí go maith le foirne sa gclub. Is féidir é a bhrath go mór tríd an sráidbhaile agus bíonn an áit beo.

''Cruthaíonn an club seo cairdeas fadsaoil agus tá traidisiún láidir de réanna clainne ag imirt ár gcluichí náisiúnta anseo i gCill Uird ó bunaíodh an club.

''Ta baill de Chumann na nÓg againn chomh hóg le sé bliana d'aois agus tá baill againn atá déanach sna hochtóidí. Ina measc tá iarimreoirí agus oifigigh atá fós an-ghníomhach leis an gclub.

Táimid tiomanta i dtreo fhorbairt agus dhul chun cinn na gcluichí Gaelacha agus an chultúir. Cuirimid fáilte roimh gach aoinne páirt a ghlacadh i ngach gné den chlub.

''Cuireann muid caighdeán ard cóitseála ar fáil i dtimpeallacht atá slán sábháilte agus le háiseanna atá ar ardchaighdeán chomh maith.''

Dar ndóigh, is iomaí gaisce a rinne lucht an chlub ar an bpáirc imeartha thar na blianta agus labhair Joe liom faoi chuid de na gaiscí sin le bród agus le paisean.

''Bhuaigh Cill Uird an chraobh idirmheánach iománaíochta i 2012 agus i 2006 bhuadar Craobh Shóisir Iománaíochta na Mumhan. Bhuadar Craobh Shóisir an chontae i 1967 agus i 2006.

''Tá Craobh Thuaisceart Chorcaí buaite acu i 2021 sa pheil Ghaelach. Tá Craobh Thuaisceart Chorcaí fé 21, Rannóg A, buaite acu i 1996 agus cé go bhfuilimid sa gCraobh Idirmheánach ó 2007, tá Cill Uird ag barr an liosta nuair a thagann sé chuig onóracha i Rannóg Abhainn Dhubh. Tá aon chorn déag buaite ag Cill Uird i Rannóg Shóisir A.''

Toisc gur club beag tuaithe é Cill Uird bíonn deis ag imreoirí de chuid an chlub imirt le CLG Abhainn Dhubh – foireann rannóige don mhórcheantar uilig atá déanta suas d'imreoirí ó chlubanna éagsúla. Is iomaí imreoir de chuid Chill Uird a d'imir ar fhoirne buacacha CLG Abhainn Dhubh thar na blianta.

''Tá imreoirí Chill Uird mar chuid d'fhoireann Abhainn Dhubh chomh maith, foireann rannóige, agus bhuaigh siad Craobh Shinsir Iománaíochta an Chontae i 1966,'' a deir Joe. ''Ar an bhfoireann sin bhí John Carey, Johnny Hogan, Gerry Keating, Fred Sheedy, agus bhí Danny Fenton agus Seánie Long mar fhir ionaid.

''30 bliain níos déanaí i 1996 bhí Aidan Kenny, imreoir de chuid Chill Uird, mar chaptaen ar Abhainn Dhubh nuair a bhuadar a dtríú Craobh Shinsir Chontae. Bhí Will O'Donoghue, Will Twomey, Mikey Dunne mar pháirt den phainéal sin agus bhí Fred Sheedy, a bhí mar lárthosaí i 1966 le hAbhainn Dhubh, bhí seisean mar roghnóir ar an bhfoireann chéanna.

''Ina dhiaidh sin, i ndiaidh Chraobh an Chontae i 1996 roghnaíodh Fred Sheedy le bheith mar bhall d'fhoireann bainistíochta Chorcaí. Bhí sé mar roghnóir ar an bhfoireann a bhuaigh trí Chraobh uile-Éireann le Jimmy Barry Murphy, 1999, Dónal O'Grady i 2004 agus John Allen i 2005.

''Pat Coughlan RIP, Bill Magnier RIP agus Patsy O'Mahony, tá siad go léir mar bhaill chlub iontacha de chuid Chill Uird agus tá siad go léir sa Hall of Fame le CLG Abhainn Dhubh.''

Ní ar an bpáirc imeartha amháin a bhíonn CLG Chill Uird gafa. Glacann an club páirt ghníomhach i gcomórtais Scór agus is iomaí gaisce atá déanta ag Joe féin ag Scór thar na blianta.

''Tá Craobh na Mumhan bainte amach agam ag Scór Sinsir,'' a deir Joe, ''agus tháinig mé sa dara háit i gCraobh Uile-Éireann sa gcomórtas aithriseoireachta. Tá go leor comórtas buaite againn ag Craobhacha Scór Sinsir. Bhuaigh Cill Uird Craobh an Chontae i 2018 chomh maith sa Léiriú Stáitse agus thángadar sa dara háit i gCraobh na Mumhan. Tá dul chun cinn iontach ar siúl i Scór i gCill Uird agus tá forbairt á déanamh air sin an t-am ar fad.''

Maidir le haiseanna an chlub is léir go bhfuil Joe agus lucht an chlub an-bhródúil as na háiseanna atá acu.

''Tá an club mar chomhúinéir ar an spórtlann atá in aice leis na páirceanna imeartha atá i gcroílár an tsráidbhaile,'' a mhíníonn Joe. ''Tá halla liathróid láimhe, liathróid raicéid agus scuaise againne i gCill Uird agus tá giomnáisiam againn chomh maith.
Tá liathróid láimhe an-láidir sa chlub, freisin.

''Bhuaigh John Horgan Craobh Uile-Éireann an chontae sa liathróid láimhe chomh maith,'' a mhíníonn Joe. ''Dion Cahil, is dócha tá Craobh Uile-Éireann bainte amach aige. Niall Crotter, Craobh Uile-Éireann bainte amach aige faoi 17. Muireann O'Brien, Craobh Dhúbailte Uile-Éireann bainte amach aici i 2019 is dóigh liom agus John Keirsey, Craobh Uile-Éireann bainte amach aige chomh maith sna máistrí.

''Tá an iliomad daoine iontacha gafa leis an gclub ó thaobh an liathróid láimhe agus tá an club liathróid láimhe ag déanamh iarrachta anois dul chun cinn a dhéanamh sna blianta atá amach romhainn chun suim a spreagadh san aos óg arís i measc na mbuachaillí agus na gcailíní óga. Mar sin, táimid an-ghníomhach



*Ruby Coffey ó Chill Uird ag imirt lena scoil Scoil Mháirtín i bPáirc an Chrócaigh thiar i 2017*

anseo i gCill Uird ó thaobh an liathróid láimhe de.''

Ní hiad cluichí na bhfear amháin atá faoi bhláth sa chlub, dar ndóigh. Le blianta beaga anuas cuireadh tús le foirne camógaíochta agus peile na mban.

''I 2015 bunaíodh an club camógaíochta,'' a deir Joe, ''agus tá CLG ag obair leis an gclub camógaíochta agus tá caidreamh iontach eatarthu. Tá sé ag cur le hatmaisféar agus ag cur le gníomhaíocht sa bpobal. Tá foirne acu ó faoi 6 suas go dtí daoine fásta.


''I mbliana bunaíodh Cumann Peile Gaelaí na mBan agus tá foireann shóisir acu. Tá club óige ag tosú i mbliana chomh maith. Is féidir a rá go bhful an club seo ag fás an oiread sin agus tá an méid sin ar siúl sa sráidbhaile beag seo, Cill Uird. Tá gach duine lárnach ann.''

Club é CLG Chill Uird atá an-oscailte do chách agus a bhfuil mana CLG 'Tá Áit Dúinn Uilig Ann' go smior ann. Mar a mhíníonn Joe:
''Rud atá tábhachtach chomh maith ná go raibh Peig Sheedy, bean chéile le Fred Sheedy mar chathaoirleach i 1992. Tá sé le deimhniú arbh í an chéad chathaoirleach baineann ar chlub riamh ach i 1992 bhí sí mar chathaoirleach ar ár gclub.

''I mbliana, ón Iorua, tá John nó Seán Heggtveit mar chathaoirleach an chlub agus is rud stairiúil é seo agus cuireann sé le héiteas agus le ráiteas misin an chlub go bhfuilimid go léir ag obair le chéile don phobal. Táimid deonach ach táimid ag iarraidh a bheith oscailte do chách chun cluichí cultúir agus spiorad CLG agus na tíre a chur chun cinn.''



*Bronnadh Gradam All-Star ar Chrissy McKaigue i mbliana mar aitheantas ar a chuid éachtaí peile do Dhoire ar an bpáirc imeartha*



*Foireann Bhaile Gunnair roimh Chluiche Leathcheannais Iomána na hÉireann níos túisce an mhí seo*

# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cé air a raibh an carachtar 'The Citizen' bunaithe sa leabhar Ulysses de chuid James Joyce?
2. Cá mhéad Craobh Sinsir Iomána Uile-Éireann atá buaite ag Áth Cliath?
3. Cé a bhuaigh Corn Tommy Moore sa bhliain 2022?
4. Cé leis a n-imríonn Chrissy McKaigue?
5. Cé a bhuaigh Craobh Sinsir Peile Uladh sa bhliain 1995?
6. Cé a rinne réiteoireacht ar Chluiche Ceannais Sinsir Iomána na hÉireann i mbliana?
7. Cén contae ina n-imríonn Gleann an Iolair?
8. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael le linn na mblianta 2006-2009?
9. Cen contae ina n-imríonn Naomh Lachtán iomáint?
10. Cé hiad curaidh reatha peile club chúige Chonnacht?

**FREAGRAÍ**

# Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | L | Q | U | A | I | D | Á | Ó | H | A | N | N | O | N | T | F |
| B | R | Á | C | L | C | P | M | B | D | N | D | A | É | A | F | Ú |
| B | Y | R | N | E | S | C | Ó | S | D | H | P | S | W | M | K | N |
| U | S | C | M | L | R | D | N | F | C | S | N | H | A | Y | E | S |
| T | C | É | I | M | Ú | R | N | T | Ó | I | S | P | M | R | L | G |
| L | A | W | L | O | R | I | S | I | A | Ú | N | M | L | M | L | R |
| E | T | R | E | D | J | F | R | G | H | E | G | A | R | T | Y | A |
| R | F | A | Í | O | A | M | D | I | É | R | M | N | I | A | J | H |
| S | É | G | G | N | U | S | M | U | L | L | E | N | T | S | G | Á |
| Ó | F | R | U | N | W | G | Ú | T | H | T | R | I | M | É | Í | I |
| C | Á | M | H | E | O | T | C | H | H | S | Ó | O | T | Ú | N | Á |
| R | E | G | I | L | L | A | N | E | Í | U | I | N | G | O | H | E |
| B | G | N | T | L | A | E | N | A | M | R | P | Í | L | T | E | B |
| N | Í | H | C | M | Ú | Ú | I | L | B | E | S | Í | G | D | É | A |
| A | D | L | G | G | B | F | L | I | É | I | A | D | I | T | N | Ú |
| P | F | I | T | Z | G | E | R | A | L | D | R | A | N | S | I | C |

***Aimsigh na Réaltaí Iomána seo a leanas:***

Nickie **QUAID** (Luimneach),

Mikey **BUTLER** (Cill Chainnigh),

Huw **LAWLOR** (Cill Chainnigh),

Barry **NASH** (Luimneach),

Diarmaid **BYRNES** (Luimneach),

Declan **HANNON** (Luimneach),

Pádraic **MANNION** (Gaillimh),

David **FITZGERALD** (An Clár),

Adrian **MULLEN** (Cill Chainnigh),

Gearóid **HEGARTY** (Luimneach),

Kyle **HAYES** (Luimneach),

Shane **O'DONNELL** (An Clár),

Aaron **GILLANE** (Luimneach),

TJ **REID** (Cill Chainnigh),

Tony **KELLY** (An Clár)



***FREAGRAÍ***

TABHAIR
MEAS
TUILL
MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.

# 55 Bonn FSMD bronnta ar chlubanna CLG

Bhronn Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Paul Conroy, agus Pat Carey, Cathaoirleach Ghlór na nGael, 55 bonn ar chlubanna CLG mar aitheantas ar a gcuid oibre agus an Ghaeilge á cur chun cinn acu ina gcuid clubanna. Ba i bPáirc an Chrócaigh a bhí an ócáid bhronnta oíche Dé hAoine seo caite, 2 Nollaig. Bronnadh an méid is mó bonn riamh ag ócáid na bliana seo, rud a tharla go díreach mar gheall ar an ardú suntasach atá tagtha ar rannpháirtíocht sa scéim go náisiúnta. Sé bhonn chré-umha agus tríocha a bhronnadh ar an oíche, chomh maith le sé bhonn airgid déag agus trí bhonn óir.

Ina hóráid ar an oíche, mhol Gráinne McElwain, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG, an obair atá déanta ag na clubanna. Dúirt sí go raibh rian na Fondúireachta le feiceáil i gclubanna de chuid CLG ó cheann ceann na tíre – idir chomharthaíocht Ghaeilge, laethanta teaghlaigh, ranganna Gaeilge, tráthanna ceisteanna agus go leor eile.

Dúirt Caitríona Nic Seoin, Bainisteoir Forbartha le Glór na nGael, go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar an scéim le bliain anuas agus go bhfuil béim ar leith á cur ar an ngluaiseacht náisiúnta agus an ar an gcomhpháirtíocht idir chlubanna. Baintear seo amach trí fhóraim rialta idir chlubanna, comhimeachtaí le comhairlí áitiúla, agus Blitzchomórtas Náisiúnta na Fondúireachta, atá tosaithe i mbliana.

Rinne sí comhghairdeas ach go háirithe leis na trí chlub a bhain bonn óir amach in 2022, agus dúirt sí go raibh na moltóirí iontach tógtha leis an tiomantas agus leis an dílseacht a léirigh siad don Ghaeilge, agus leis an gcomhoibriú lena gcuid pobal áitiúil.

Is in ómós do Sheosamh Mac Donncha (1953-2016) a ainmníodh an Fhondúireacht nua seo. Fear le háireamh a bhí i Joe a bhain go leor amach dó féin agus do phobal na tíre seo i gcoitinne le linn a shaoil. D'éirigh leis an post is airde a bhaint amach i gCumann Lúthchleas Gael. Mar iománaí, thóg sé Corn Mhic Cárthaigh leis siar go Gaillimh agus bhí sé ina phríomhfheidhmeannach, agus ina chathaoirleach, ar chuid de mhóreagraíochtaí na tíre seo, Foras na Gaeilge ina measc.

Thíos tá liosta de na clubanna uilig ar bronnadh duaiseanna orthu. Tá tuilleadh eolais maidir le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar fáil ag www.glornangael.ie/clg nó ó Rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín CLG anseo: https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/cultur-agus-gaeilge

***BONN ÓIR:***

Cumann Iománaíochta Bhearna /Na Forbacha, Gaillimh
Na Gaeil Óga, Áth Cliath
Toigh Chonnachta, An Dún

***BONN AIRGID:***

Droichead Mhaigh Eo, An Dún
Eoghan Rua, Cill Chua, An Dún
Ard Ghlais, An Dún
Lámh Dhearg, Aontroim
Ruairí Óg CLG, Bun Abhann Dalla, Aontroim
Raonaithe na Croise CLG, Ard Mhacha
Cill Uird CLG, Corcaigh
Mungairit Naomh Póil CLG, Luimneach
Tír na nÓg CLG, Aontroim
Roibeard Eiméid CLG, Sleacht Néill, Doire
Naomh Columba CLG, Gleann Cholm Cille, Dún na nGall
Éire Óg CLG, An Charraig Mhór, Tír Eoghain
Peil na mBan Charna, Gaillimh
An Spidéal CLG, Gaillimh
Oileáin Árann CLG, Gaillimh
Na Mistéalaigh CLG, Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo

***BONN CRÉ-UMHA:***

An Craobh Rua CLG, An Bearach, Tír Eoghain
Naomh Feichín, Lú
Áth Troim, An Mhí
Conn Mag Aoidh, Aontroim
Mac Uílín CLG, Aontroim
Oirthear Bhéal Feirste, Aontroim
Clann Éireann, Ard Mhacha
Clogthithe Lusca, Áth Cliath
Naomh Eoin, Baile an tSaoir, Áth Cliath
Cill Mochuda Ná Crócaigh, Áth Cliath



*Cathaoirleach Ghlór na nGael, Pat Carey, agus Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Conroy, in éineacht le baill de Chumann Iománaíochta Bhearna - Na Forbacha*

Teach an Dá Mhíle, Cill Dara
Áth Í, Cill Dara
Cill Droichid, Cill Dara
Fíodh Alúine, Cill Dara
Na Magha CLG, Doire
Naomh Colm CLG, Baile na Scríne, Doire
Naomh Mhuire CLG, Nua Chongbháil, Doire
Gaeil Fhánada, Dún na nGall
Gaeil Leitir Ceanainn, Dún na nGall
Gaeil Inis Ceithleann CLG, Fear Manach
An Chéad Chumann CLG, An Baile Nua, Fear Manach
Cumann Mhig Uidhir, An t-Iompú, Fear Manach
Uí Chonaill CLG Doire Uí Loin, Fear Manach
Seamróga Tigh Mór, Fear Manach
Naomh Pádraig CLG, Domhnach, Fear Manach
Dún Mhór Mhic Eil, Gaillimh
Cinn Mhara, Gaillimh
Cathair Loistreáin CLG, Gaillimh
Áth an tSléibhe, Luimneach
Dún Bleisce, Luimneach
Áth Dara Peil na mBan, Luimneach
Áth Dara Camógaíocht, Luimneach
Coillte Mach CLG, Maigh Eo
Naomh Pádraig CLG, Domhnach Mór, Tír Eoghain
An Clochar Éire Óg, Tír Eoghain
Piarsaigh an Ghallbhaile, Tír Eoghain

Le Bernie Ó Conaill


Tháinig deireadh le ré Brian Cody leis na Cait i mbliana

# Neart buaicphointí peile agus iomána i 2022 agus go leor eile amach romhainn i 2023

***Ag druidim go dtí an athbhliain bíonn daoine tarraingthe idir an bhliain atá ionann agus caite agus an bhliain úr atá ag drannadh linn. Is amhlaidh do lucht spóirt. I gCumann Lúthchleas Gael, tá lucht bainistíochta idirchondae ag stiúradh na traenála don bhliain úr, ag pleanáil agus ag réiteach chun aislingí a fhíoradh.***

Is é mo bharúil féin go mba bhliain faoi leith a bhí againn i 2022. B'fhéidir gurb é an Gaillimheach ionam atá claonta ach bhí eipicí go leor sa dá chód shinsearacha. Beidh cuimhne le fada faorach an lá ar ghaiscí David Clifford agus Shane Walsh i gCraobh na hÉireann. Ní cuimhneach liom beirt ar an dá thaobh ag lonradh chomh geal i bPáirc an Chrócaigh agus Sam Maguire mar luach saothair ag foirne.

Ba dheacair a chreidiúint nach raibh muid ach seachtain ó ghaisce bháireoirí Luimnigh. Is diabhaltaí an painéal imeartha atá curtha le chéile ag John Kiely agus Paul Kinnerk. Láidir, aclaí agus sárchumas imeartha iontu. Cuir Cian Lynch leo agus is misean ollmhór é ag foirne Liam Mac Carthaigh a bhaint dóibh.

Ina dhiaidh sin agus uile, bhí sásamh aisteach le blaiseadh as na coimhlintí idir iad agus an Clár. Ba dheacair análú ag breathnú ar na cluichí céanna. Ag deireadh an lae, is ag an gcluiche iománaíochta a bhí an bua. I gCúige Laighean tharraing an croitheadh lámh idir Brian Cody agus Henry Sheflin neart cainte.

Bhí mo thuairim láidir féin agam faoi chúrsaí agus mé mar leantóir glórach go leor. I Seastán Davin sa leathchraobh idir Gaillimh agus Luimneach t'éis do Chill Chainnigh a bheith cáilithe an lá roimhe, tháinig athrú mór ar mo phort.

Cé a leandáil isteach sa slua le súil eolasach a chaitheamh ar chúrsaí ach Brian Cody agus a bhean. Chomhraigh mé os cionn scór Gaillimheach éagsúil a lorg selfie leis an bhfear fiú agus an cluiche tosaithe agus arís t'éis leath ama agus diúltú ní bhfuaireadar ach dea-aoibh agus tuiscint. I bhfad ó na ceamairí agus ó na meáin fuair mé léargas ar an bhfear agus an t-omós aige do leantóirí an chluiche. D'fhan an chuimhne liom.

Tá neart plé déanta ar an séasúr scartha. A thuairim féin ag chuile dhuine. Bhain mé triail i mbliana as an ticéad séasúrach iomlán peile. Is mé a fuair luach mo chuid airgid air. Idir cluichí craoibhe agus na babhtaí cáilithe, leath an séasúr amach sa bhliain agus ábhar tábhachtach le socrú. Ag tús Chraobh Peile na Gaillimhe casadh Naomh Séamas agus An Cheathrú Rua ar a chéile. Is beag a cheap muid go mbeidís i gcoinne a chéile ag deireadh an chomórtais i gcluiche dícháilithe. Má bhí na coinníollacha an-difriúil bhí an sásamh céanna le fáil as an gcluiche. Tharraing Maigh Cuilinn, Bóthar na Trá-Cnoc na Cathrach na cinnlínte ach bhí fíor shásamh le brath as an gcomórtas uilig.

Ag caitheamh súil' ar an mbiain úr, tá neart ábhar machnaimh ag duine. Ní shásófar Ciarraí le craobh na bliana seo caite agus le filleadh Paul Mannion agus Jack McCaffrey is léir go bhfuil na Dubs ag réiteach le feachtas aisteach a chur isteach leis an méid sin a




*Rian O'Neill, Ard Mhacha, tar éis dó cic éirice a aimsiú in aghaidh na Gaillimhe i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann i mbliana*

chealú. Beidh obair ag Gaillimh teacht ar ais go Páirc an Chrócaigh agus ní áirim feabhsú ar thoradh na bliana seo caite.

Ba rídheas Doire agus Ard Mhacha a fheiceáil ag treabhadh leo. Ní féidir Tír Chonaill nó Tír Eoghain a chur as an áireamh. Buaiteoirí Chraobh na hÉireann? Is maith an duine a roghnódh buaiteoirí sheaimpíní Uladh. Anuas air sin, tá réaltaí ón Sunday Game ar ais ar an taobhlíne. Taithí, cur amach, saineolas agus paisean acu uilig agus a gcuid condaetha go fíochmhar ag cuartú na nduaiseanna móra.

Ag cuimhniú ar an spórt agus an tábhacht a bhaineann leis inár saol atáim le píosa. Is é an ghné is luachmhara faoi a ritheann liom ná an cairdeas a dhéanann muid. Cuireadh cara maith linn Ben Kelly, a thug scothsheirbhís do Bhóthar na Trá-Cnoc na Cathrach agus mar theachta ag Bord an Chondae. Bíodh sé le foirne iomána an chlub nó ag cothú leaids óga sa pheil le Páirc an Aird Ghoirt, b'iontach an bealach a bhí aige le himreoirí a spreagadh. Bhí sé i gcónaí ar fáil agus lean sé an marún agus bán idir báireoirí agus peileadóirí fud fad na tíre. Bhí a sheanathair mar Uachtarán ar CLG roimhe seo. Is cinnte nár thit an t-úll i bhfad ón gcrann. Tá a áit i measc na bhfíor-Ghael saothraithe go maith aige. Leaba i measc na naomh agat, Ben.

Le Tricia Ní Chearra

# Club Gaeilge na Bliana 2022 – Laochra Loch Lao, Aontroim

Tá CLG Uladh go mór faoi chomaoin ag na clubanna iontacha fud fad an chúige a dhéanann obair iontach ar son na teanga. Eagraítear ranganna, clubanna óige, feachtais ar na meáin shóisialta, seisiúin traenála agus cóitseála agus go leor eile nach iad!

Táimid eolach ar chuid mhaith den obair seo. Tá go leor oibre ag dul ar aghaidh nach bhfuil i mbéal an phobail, áfach, agus tá sé rí-thábhachtach go dtugtar aird ar na hiarrachtaí sin. Is as an bhearna sin a d'eascair coincheap an ghradaim seo do chlubanna Uladh.

Tá fuinneamh ag na hoifigigh iontacha ar an talamh. Tá cruthaitheacht ar leith léirithe ag clubanna a dhéanann an teanga spraíúil do pháistí agus d'fhoghlaimeoirí araon, ach a chruthaíonn áit agus spás dóibh siúd a bhfuil an teanga ar a dtoil acu í a labhairt ar bhonn laethúil.

Tá clubanna ar leith sa chúige, agus fud fad na tíre dár ndóigh, ina bhfuil an Ghaeilge ag croílár an chlub, agus a bhfuil ardstádas tugtha don teanga acu, agus tá sé in am againne ag leibhéal an chúige gradam agus aitheantas a thabhairt do na clubanna agus do na hoifigigh sin a bhíonn ag obair go crua ar chur chun cinn na teanga ar dhóigheanna éagsúla.

Is fíor a rá fosta go dtugann an gradam seo deis do chlubanna atá ag tús an phróisis seo sprioc a thabhairt dóibh féin agus naisc a chruthú le clubanna eile a bhfuil barr a réime bainte amach acu maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Tá spás do gach club ar an turas seo agus tá fáilte rompu ar fad iad féin a ainmniú don ghradam gach bliain.

Ba i bhFear Manach a bhí Gradaim CLG Uladh 25ú Samhain 2022, ócáid úrnua in áit Ghradaim an Uachtaráin, mar a bhíodh ann roimhe seo. Bhronn Uachtarán Chomhairle Uladh CLG, Ciarán Mac Lochlainn, na gradaim ar chlubanna CLG mar aitheantas ar a gcuid oibre. Den chéad uair, bhí gradam ar leith le bronnadh ar chlub amháin as na hiarrachtaí a dhéanann siad an teanga a chur chun cinn: Club Gaeilge na Bliana.

Bhronn an tUachtarán an duais seo ar Laochra Loch Lao, Contae Aontroma, i mbliana. Tá éacht nach beag déanta ag an chlub seo an Ghaeilge a chur chun cinn trí shaol an chlub agus léiríonn baill an chumainn seo an rud is 'saol trí Ghaeilge' ann.  Comhghairdeas ó chroí leo, agus leis na clubanna uilig a líon iarratas isteach. Chuirfeadh na hiarratais glíondar ar an chroí agus déanfar próifíliú ar chlubanna an ghearrliosta go luath sa bhliain úr. Táimid ag dúil go mór leis an obair iontach seo a fheiceáil le linn 2023.



*Foireann ó Laochra Loch Lao ag na GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh i mí Lúnasa*




*Laochra Loch Lao - Club Gaeilge na Bliana 2022*

# Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha




## *Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !*

## *Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!*

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle,
tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

Glór na nGael

GAA

www.glornangael.ie

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta






***TRASNA***

2 Bainisteoir pheileadóirí an Chabháin (6)
10 Toradh cárta dhuibh (4,7)
12 Ardán i bPáirc an Chrócaigh (2,5)
14 Buaiteoirí Chraobh Peile Laighean sa bhliain 1968, An ______ (8)
15 Ról Eoin Murphy ar an bpáirc imeartha (3,5)
16 Gaeltacht i gContae Phort Láirge, Na ______ (5)
17 Líon Chraobhacha Peile Uile-Éireannacha ag Tír Eoghain, _____ cinn (7)
18 Curaidh Idirmheánacha Peile Dhoire 2022 (5,4)
20 Leasainm ar fhoirne Chontae Chill Dara, Na ______ (4)
21 Páirc bhaile Chontae Shligigh (10)
23 Bainisteoir iomána Chontae Aontroma, Darren ______ (7)
25 Páirc bhaile Chill Mhantáin (8)
26 Curaidh Iomána na Mumhan (9)
31 Iar-iománaí na Bliana (5)
33 Páirc bhaile Chontae Laoise, Páirc Uí ______ (7)
34 Contae ina n-imríonn An tAbhallart - An Bealach (4,6)
36 Bainisteoir Dhún na nGall 1992 (2,5)
37 Captaen an Chabháin 1947, John Joe O'______ (6)
39 Bainisteoir fhoireann bhuacach Liatroma 1994, O'______ (6)
40 Iarchaptaen buacach de chuid Chorcaí, Ó ______ (7)
42 Freagra de chuid 'Hawkeye' (3)
43 Bainisteoir Lú (5)
44 Réiteoir ó Chontae Ard Mhacha (6)
45 Captaen buacach Thír Eoghain (7)
46 Áit inar bunaíodh CLG, Óstán Uí ______ (5)

***SÍOS***

1 Iar-imreoir de chuid Fhear Manach a bhuaigh Gradam All-Star in 1982 (2,7)
3 Contae ina n-imríonn An Bhoth (10)
4 Contae Mickey 'The Rattler' Byrne (8,5)
5 Buaiteoirí Peile na Bliana 1968, an ______ (3)
6 Líon Chraobhacha Iomána Uile-Éireannacha ag Gaillimh (4)
7 Ard-Stiúrthóir CLG, Tomás Ó _____ (5)
8 Buaiteoirí Chorn Chríostóir Uí Rinn 2012 (7)
9 Club Neil McManus (6,2)
11 Club iomána i gContae na Mí (4,5)
13 Ambasadóir Gaeilge CLG (6)
18 Dath ar cheann de chártaí an réiteora (3)
19 Contae ina n-imríonn Tigh an Réileáin (11)
21 Bainisteoir Uíbh Fhailí (7)
22 Áit a n-imríonn Brian Fenton (3,2,6)
24 Iarbhainisteoir peile na hIarmhí , Ó ___ (2)
27 Maide iomána (5)
28 Peileadóir Óg na Bliana 2021 (6)
29 Uachtarán CLG ó 1997 go 2000, Seosamh ___ ______ (3,7)
30 Deartháir le Cillian O'Connor (8)
32 Duine de bhunaitheoirí CLG, Ó ______ (7)
34 Uachtarán reatha CLG, ______ Mac Cárthaigh (7)
35 Captaen Chiarraí 2004, Dara Ó ______ (8)
38 Iarchaptaen buacach Átha Cliath, O'______ (5)
41 Páirc bhaile Nua-Eabhrac, Páirc na ______ (5)






# Crosfhocal

**FREAGRAÍ**

# An Spota Dubh

Podchraoladh Oifigiúil Chumann Lúthchleas Gael

Le Jamie Ó Tuama

# Buaic-Ghradam Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge bronnta ar Mhártan Ó Ciardha


Mártan Ó Ciardha agus a chlann Dé Céadaoin seo caite tar éis gur bronnadh Buaic-Ghradam Cumarsáide an Oireachtais air. Pic. le Seán Ó Mainnín

Bhronn an tAire Stáit Spóirt, Gaeltachta agus Cosanta, Jack Chambers, Buaicghradam Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge ar Mhártan Ó Ciardha ag Oireachtas na Samhna san INEC i gCill Airne i mbliana. Fear ildánach é Ó Ciardha a bhfuil a shaol tugtha aige don iriseoireacht spóirt Ghaeilge agus Ghaeltachta agus bhí na cluichí Gaelacha agus cúrsaí Chumann Lúthchleas Gael ag croílár na hoibre sin i gcónaí.

Is iriseoir é Mártan le tuairisc.ie ach chaith sé na blianta mar Cheannasaí Spóirt ar Raidió na Gaeltachta roimhe sin. Tháinig athruithe as cuimse ar chúrsaí iriseoireachta lena linn. Labhair muid le Mártan an tseachtain seo maidir leis na hathruithe sin, maidir le buaichphointí a shaoil mar iriseoir agus faoin aitheantas a tugadh dó ag an Oireachtas. Bhí sé an-sásta an gradam seo a fháil, dar ndóigh.
'Bheul is dócha gurbh fhearr le chuile dhuine againn tap beag sa droim ná cic sa tóin', a mhínigh Mártan, 'agus gurbh fhearr leis an duine go ndéanfaí iad a mholadh seachas a cháineadh! Is deas an rud é, is dóigh liom. Tugann sé ardú meanmain do dhuine, go bhfaigheann siad a leithéid seo de rud nó go luaitear a n-ainm nó go dtuigeann sé go bhfuil a ainm i mbéal an phobail.

'Ag an tráth seo de mo shaol agus théis an méid blianta atá caite agam i mbun na hiriseoireachta tá mé sásta, go háirid mar gheall ar an gceangal agus ar an ngrá agus an méid de mo shaol atá caite agam le cúrsaí Gaeilge agus le Gaelachas agus i measc phobal na Gaeltachta – mo phobal féin, dháiríre. Is údar ríméid dom an meid sin.'

Thosaigh Martán amach le Raidió na Gaeltachta thiar sa bhlian 1978 agus chríochnaigh sé suas leo sa bhliain 2009. Is iomaí buaicphointe a bhí aige agus é ag plé leis na cluichí Gaelacha. Labhair sé linn faoi na hathruithe is mó a chonaic sé le linn an ama sin.

‘Bheul, is dócha gur bhain an buaicphointe leis an rud ar fad, mar a déarfá, seachas, b’fhéidir, aon rud amháin’, a mhíníonn Mártan. ‘Is iomáí rud aonarach a sheasann amach i mo chuimhne, ach sílim dá n-iarrfaí orm céard é an rud is mó a thug sásamh dhom le linn an tréimhse sin ar fad, ba é sin ná deis a fháil na hócáidí móra spóirt, agus go háirid ócáidí móra spóirt i gCumann Lúthchleas Gael, a chur i láthair i measc mo mhuintire féin.

‘Níl me ag caint ar mo ghlór féin a bheith le cloisteáil, ach a bheith mar pháirt de mheitheal oibre. Bhí páirt agam san obair a shníomh le chéile, más mian leat, a thug deis dho mhuintir na Gaeltachta agus na Gaeilge éisteacht leis na hócáidí móra spóirt sa teanga ba rogha leo féin agus i dteanga na tíre.

‘Bhí an t-ádh linn, dháiríre, mar nuair a chuimhníonn tú bunaíodh Raidió na Gaeltachta i 1972. Tháinig mise isteach ann i 1978 ach nuair a tháinig 1979 ní raibh de staisiúin raidió sa tír ach RTÉ agus Raidió na Gaeltachta ar an taobh seo den tír. Bhí BBC ó thuaidh.

‘Fiú nuair a tháinig 2FM i 1979, ní raibh aon díriú acabsan ar spórt agus bhí deich mbliana eile ann sula dtáinig raidió tráchtála agus raidió áitiúil isteach. Dháiríre, ar feadh seacht mbliana déag den saol bhí an gort ar fad faoi Raidió na Gaeltachta agus faoi RTÉ. Dhírigh RTÉ an uair sin go hiomlán ar na cluichí idirchontae. Dhírigh muidne ar na cluichí idirchontae Gaeltachta.’

Leanann Mártan air agus labhraíonn sé faoin mbealach a mbíodh sé féin agus lucht Raidió na Gaeltachta ag taisteal na tíre ag clúdach na gcluichí.

‘Thug sé sin muid chuig an gcuid eile den tír,’ a deir sé, ‘mar bhí siad sin ag imirt in aghaidh na gcontaetha nach contaetha Gaeltachta iad. Chomh maith leis sin, thug sé iomaire nua ar fad dhúinn le troghadh leis na cluichí club, go háirid sna conteatha Gaeltachta, fiú amháin síos go dtí na cluichí sóisir.

‘B’iontach an rud é sin agus b’iontach an phribhléid é clúdach ar na cluichí sin a thabhairt d’áiteachaí cosúil le hOileáin Árann, Ros Muc, Ráth Chairn na Mí, áiteachaí nach bhfuair an deis sin cheana. B’iontach go deo an sásamh a thug sé sin, ní hamháin dhomsa, ach d’fhoireann Raidió na Gaeltachta ina iomláine agus go háirid an fhoireann spóirt ansin.’

‘Is cuimhin liom go ndearna muid tráchtaireacht ar sé cinn de chluichí ceannais club in aon lá amháin as na conteatha éagsúla – contae na Mí, Gaillimh, Ciarraí, Dún na nGall agus contae Mhaigh Eo sílim agus, b’fhéidir, go raibh Rinn Ó gCuanach istigh san áit chomh maith le Corcaigh. Chraol muid sé cinn in aon lá amháin!

‘Ba éacht a bhí ansin ach níorbh é an t-éacht craolta an rud ba thábhachtaí ach go raibh an deis seo anois ann sin a dhéanamh agus go raibh an áit seo ag lucht éisteachta na Gaeilge agus na Gaeltachta na cluichí sin a chloisteáil.’

Is mar iriseoir scríofa atá Mártan ag saothrú faoi láthair le tuairisc.ie. D’iarr mé air a mhíniú dúinn céard iad na difríochtaí is mó a fheiceann sé idir a bheith i mbun pinn mar iriseoir agus a bheith ar aer.

‘Ar bhealach tá difríochtaí móra idir a bheith ag obair i saol an raidió agus a bheith ag obair mar scríbhneoir’, a deir Mártan. ‘Sa raidió, nuair a dhúnann tú an doras i do dhiaidh tráthnóna, nó go háirid tráthnóna Dé



*Martán Ó Ciardha tar éis dó Gradam Saoil Chumann Iriseoirí na gCluichí Gaelacha a bhuachan thiar sa bhliain 2017*

Domhnaigh, tá obair na seachtaine déanta agat. Is seachtain nua eile ar fad atá amach romhat. Tá na cluichí críochnaithe.

'Leis na scríbhneoireacht, tá beagán níos mó ama agat le bheith beagáinín níos santaí agus na rudaí is ansa leat féin a chur i láthair an phobail seachas a bheith ag freastal go hiomlán ar na rudaí a bhfuil suim ag an bpobal iontu. Is scéalaíocht atá ann chomh maith le hábhar nuachta.

'Sílim, agus is cinnte, go bhfuil saol an iriseora nuachta, bíodh sin in iriseoireacht spóirt nó in iriseoireacht nuachta, polaitíochta nó aon chineál nuachta eile, tá sé athraithe go mór. Ní féidir leat anois a bheith chun cinn ar an nuacht mar tá na meáin nua seo ar fad a ghabháil a bheith romhat – is cuma céard atá ann. Dhairíre, ní feidir a bheith chomh te leis an nuacht agus a bhíodh tráth den saol.

'Tugann sé sin, is dócha, deis dhomsa ach go háirid cuimhniú ar rudaí eile agus, mar atá a fhios agat féin, is maith le chuile dhuine i gcónaí scéalta. Scéalaíocht dháiríre, ar bhealaí go leor, í an iriseoireacht agus go háirid an iriseoireacht scríofa.

'Tá seans mór agat, agus seans i bhfad níos leithne, a ghabháil ag plé le do thuairimí féin – le rudaí a tharla céad bliain ó shin nó leathchéad bliain ó shin a bhfuil dearmad déanta ag an lucht féachana nó a lucht léite orthu. Déarfaidís, a dhiabhail is fíor dhuit, leathchéad bliain 'is an lá inniu úsáideadh an pheil phlaisteach nó cuireadh ábhar plaisteach ar an bpeil don chéad lá riamh. Cuireann a leithéid iad ag smaoineamh ar rudaí atá ina gcloigne féin.'

Tá fás mór tagtha ar an gclúdach Gaeilge a dhéantar ar na cluichí Gaelacha le blianta beaga anuas. Tá go leor deiseanna ann nach raibh ann cheana de bharr fhás agus fhorbairt na Gaelscoileanna chomh maith le forbairtí nua i gcúrsaí teicneolaíochta i measc cúinsí eile.

'Ar ndóigh, ceapaim go bhfuil rath mór ar an iriseoireacht i ndán dhúinn is cuma cén teanga a labhrann tú', a deir Mártan. 'Mar a dúirt mé le duine éicint le gairid, nuair a chuimhním siar ar cé chomh deacair 'is a bhí sé seirbhís raidió a chur ar fáil. Tá mé ag caint ar chúrsaí teicniúla 'is mar sin de, atá athraithe go mór ó thosaigh mise dhá scór bliain ó shin. Inniubh, leis an teileafón póca, tá stáisiún raidió ag chuile dhuine ina láimh acu.'

'Is iriseoireacht éagsúl í (na meáin shóisialta) agus is iriseoireacht í atá i bhfad níos tobainne. Tá sí i do láthair sula dtarlaíonn an eachtra féin.

'Rud atá le tabhairt faoi deara ó thaobh na hiriseoireachta de agus sa saol trí chéile ná chomh mór is atá Gaelscoileannaí agus an t-oideachas trí Ghaeilge ag cuidiú le chuile ghné den iriseoireacht.

'Bíodh is gur san iriseoireacht spóirt í, san iriseoireacht reatha, iriseoireacht polaitíochta nó san iriseoireacht gnó, tá daoine a bhfuil Gaeilge líofa anois acub atá le fáil do chuile aicme sa saol - ó chúrsaí spóirt go cúrsaí airgeadais. Cuirfidh sé sin le hiriseoireacht na Gaeilge agus le meáin chumarsáide na Gaeilge.'

Is iomaí eachtra atá feicthe ag Mártan ó Ionad na Meán Cumarsáide i bPáirc an Chrócaigh thar na blianta.

Ceann na heachtraí is mó a sheas amach dó le linn na mblianta sin ná an óráid chlúiteach a thug Lester Ryan ó Ardán Uí Ógáin tar éis do Chill Chainnigh Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann a bhuachan sa bhliain 2014.

'Luaigh tú liom céard iad na rudaí is mó a fhanfas i mo chuimhne agus, dar ndóigh, fanann go leor acu ann mar shampla scórannaí i gcluichí ceannais na hÉireann agus na hóráidí inar labhair na captaein i nGaeilge.

'Tá mé ag caint ar Lester Ryan, fear a bhí ar bheagán Gaeilge ach a thug an óráid ar fad i nGaeilge nuair a ghlac sé le Corn Liam Mhic Cárthaigh ansin cúpla bliain ó shin. Tá rud éicint an-speisialta agus an-suimiúil ag baint leis an scéal sin.

'Is cinnte go n-aontódh duine ar bith leat go bhfuil sé sin sáite sa mianach atá ionainne, ionainne Gaeilgeoirí, ionainne Gaeil, ionainne ón mbaile agus ón gcultúr as ar sníomhadh muid agus ón gcúlra as ar sníomhadh muid.

'Cheap mé gur rud an-suimiúil agus rud, dháiríre, nár cheart dearmad a dhéanamh air – rud ar cheart a thabhairt chun cinn anois agus arís mar gheall, gur dóigh liom, go raibh baint i bhfad níos doimhne ná na focail a tháinig as béil Lester Ryan an lá sin leis.'

Ní hé seo an chéad ghradam a bronnadh ar Mhártan mar aitheantas ar a shaothar iriseoireachta, dar ndóigh. Sa bhliain 2008 bronnadh gradam saoil de chuid Ghradaim Mhic Con Mídhe, CLG, air agus bronnadh Gradam Saoil de chuid an Gaelic Writers Association air sa bhliain 2017.

# Freagraí

### P. 17
### 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh


1. Micheál Cíosóig
2. 6
3. Baile Gunnair
4. C.L.G. Roibeard Eiméid, Sleacht Néill
5. Tír Eoghain
6. Colm Lyons
7. Doire
8. Nioclán Ó Braonáin
9. Cill Chainnigh
10. Maigh Cuilinn



### P. 18
### Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | L | Q | U | A | I | D | Á | Ó | H | A | N | N | O | N | T | F |
| B | R | Á | C | L | C | P | M | B | D | N | D | A | É | A | F | Ú |
| B | Y | R | N | E | S | C | Ó | S | D | H | P | S | W | M | K | N |
| U | S | C | M | L | R | D | N | F | C | S | N | H | A | Y | E | S |
| T | C | É | I | M | Ú | R | N | T | Ó | I | S | P | M | R | L | G |
| L | A | W | L | O | R | I | S | I | A | Ú | N | M | L | M | L | R |
| E | T | R | E | D | J | F | R | G | H | E | G | A | R | T | Y | A |
| R | F | A | Í | O | A | M | D | I | É | R | M | N | I | A | J | H |
| S | É | G | G | N | U | S | M | U | L | L | E | N | T | S | G | Á |
| Ó | F | R | U | N | W | G | Ú | T | H | T | R | I | M | É | Í | I |
| C | Á | M | H | E | O | T | C | H | H | S | Ó | O | T | Ú | N | Á |
| R | E | G | I | L | L | A | N | E | Í | U | I | N | G | O | H | E |
| B | G | N | T | L | A | E | N | A | M | R | P | Í | L | T | E | B |
| N | Í | H | C | M | Ú | Ú | I | L | B | E | S | Í | G | D | É | A |
| A | D | L | G | G | B | F | L | I | É | I | A | D | I | T | N | Ú |
| P | F | I | T | Z | G | E | R | A | L | D | R | A | N | S | I | C |

### P. 25
### Crosfhocal



# MÍLE BUÍOCHAS

**Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.**

**Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.**

**Deartha ag DBA Publications,**
**An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.**

GAA TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN